M91TCS

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Gairmchchlár na hArdteistiméireachta

# Nascmhodúil

**Cás-Staidéar**
**2004**

# Cás-Staidéar

# Cluichí Speisialta na hEorpa 2004

Tá iarrtha ag an Aontas Eorpach ar Éirinn, agus Éire i mbun uachtaránacht a an AE, Cluichí Speisialta na hEorpa a thionól i mí na Bealtaine 2004. Glacfaidh foirne ó na ballstáit atá ann cheana féin agus foirne ó na ballstáit nua, páirt sna cluichí seo. Tabharfaidh na cluichí deis dóibh siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta acu páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla spóirt.

Tionólfar na Cluichí le linn an dara seachtain i mí na Bealtaine. Bainfidh na foirne an tír amach an chéad tseachtain i mí na Bealtaine agus fanfaidh siad i mbailte agus i gcathracha ar fud na hÉireann an chéad tseachtain dá gcuairt. Tabharfaidh sé seo deis do na foirne socrú isteach in Éirinn, bualadh le muintir na hÉireann agus ullmhú do na comórtais. Beidh na bailte aíochta ag eagrú imeachtaí chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, agus tuiscint a thabhairt dóibh ar ár gcultúr. Cuirfear áiseanna traenála ar fáil dóibh chun ullmhú do na cluichí.

Tionólfar Cluichí Speisialta na hEorpa i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird. Úsáidfear deich n-ionad éagsúla chun áiseanna a chur ar fáil do na spóirt éagsúla. Tiocfaidh na hiomaitheoirí, na hoiliúnóirí agus a lucht cúnta go Baile Átha Cliath ar feadh seachtain na gcluichí agus fanfaidh siad in óstáin agus sna hollscoileanna ar fud na cathrach. Cuirfear cóir iompair ar fáil gach lá chun na foirne a thabhairt go dtí na himeachtaí.

Tá Cluichí Speisialta na hEorpa á n-eagrú ag an gcoiste eagrúcháin le trí bliana. Thosaigh siad amach trí roinnt daoine a chur ag obair i réimsí éagsúla, mar atá: urraíocht, margaíocht, lóistín, lónadóireacht, leigheas, iompar agus imeachtaí na gcomórtas féin. Tá baill ar an gcoiste a bhfuil freagracht orthu as gach réimse. Tá meitheal daoine ansin ag na baill seo chun cuidiú leis an obair. De réir mar a dhruidimid le tráth na gcluichí beidh breis daoine ag obair chun a dheimhniú go mbeidh gach rud curtha i gcrích.

Teastóidh na mílte oibrithe deonacha chun cuidiú le linn na coicíse a mbeidh na hiomaitheoirí in Éirinn. Beidh an lucht cúnta seo ag teastáil chun cuidiú leis na foirne ón am a thiocfaidh siad go dtí an t-aerfort go dtí an t-am a fhágfaidh siad. Beidh roinnt den lucht cúnta ag teastáil sna bailte agus sna cathracha aíochta, agus beidh a thuilleadh díobh ag teastáil le linn seachtain na gCluichí féin chun cuidiú ag na hionaid lóistín agus ag na hionaid chomórtas. Beidh oibrithe deonacha a bhfuil scileanna éagsúla acu, ar nós saineolas teanga nó leighis, ag teastáil. Cuirfear oiliúint ar fáil do na hoibrithe deonacha ar fad i gcaitheamh na míosa roimh na Cluichí agus ní mór do na hoibrithe deonacha promhadh a fháil ón nGarda Síochána sula n-eiseofar pas slándála agus éide dóibh. Tabharfar dualgais shainiúla d'oibrithe deonacha agus is féidir leo féin a shocrú cé mhéid laethanta a oibreoidh siad ag brath ar an am saor acu féin.

Craolfaidh na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta an ócáid. Tionólfar an oscailt oifiigiúil agus na searmanais dheiridh i mBaile Átha Cliath. Is cosúil go bhfreastalóidh na hiomaitheoirí ar fad ar na hócáidí seo.